POILITÍOCHT

Ag Piocaḋ Airí

FEARFEASA

Ní maiṫ liom a ḃeiṫ ag rá 'nar innis mé sin daoiḃ.' Aċ sin mar tá. Tá go leor daoine a rá. Tá gaċ duine a léiġeas AMÁRAĊ agus ceart maiṫ acu air.

Dúirt mé fé ḋó naċ ḃfuiġeaḋ Ḃn. Uí Eictiġearn suíoċán i gCiarraí Tuaiḋ. Ní ḟuair sí. Dúirt mé go raiḃ suíoċán Cormac Uí Ḃreisleáin i mbaol aċ go n-éireaḋ leis a ċoiméad — agus ċoiméad sé é. Ṫug mé lideaḋ go mbeaḋ coiṁlint ana ġéar don tríú suíoċán i Muiġeo Tuaiḋ — ċaill Seosaṁ Ó Lionaċáin suíoċán le 14 ḃótaí. Ṫug mé lideaḋ go ḃféadfaḋ Ó Muiṁneaċán dul ana coṁgarać do ṡuíoċán i gCiarraí Teas — ḃí sé 45 ḃótaí gairid den suíoċán. D'innis mé do Ṗroinsias Mac an Aonġusa go mbeaḋ seans éigin aige i nGaillim Tiar agus naċ raiḃ aon seans aige i gConndae Luġḃaí, áit ar bruġaḋ é isteaċ in ionad Uí Mórḋa. Tá ḟios aige anois go raiḃ an ceart agam—aċ is ciall ceannaiṫe aige é.

Ceart go leor ṁeas mé go mbeaḋ 74 ag Lemass aċ dúirt mé go raiḃ a dtacaíoċt ag isliú agus mé ag scríoḃaḋ cúpla lá roiṁ an toġaċán. Tá 71 acu, measara cinte de 72 agus cosúlaċt go mbeaḋ 73. Ḃí dá suíoċán eile nár ċaill siad aċ le faoi scór ḃótaí.

Anois an Rialtas. Lemass a ḃéas mar Taoiseaċ cuma caidé mar téid — aċ ċuntas i mBaile Áṫa Cliaṫ nó acomairc i Longport - Iarṁiḋe. Ḃeiḋ Proinsias Mac Aoḋagáin mar Tánaiste ⁊ is maiṫ is cóir agus traoslúim do é. Is fada tuille aige agus is áṫas le Gaeilgeoirí é agus níor ḃeag leo do a dul ní ḋ'airde san aimsir roṁainn.

Triú post is taḃaċtaí san Rialtas Aire Airgeadais. Cé dó a dtaḃarfar é? Do Mac Eoċaiḋ adeir go leor. Níl mé ag coṁairliú do Lemass é sin a ḋéanaṁ. Tá mé as coṁairliú go láidir do gan a ḋéanaṁ — agus cúpla cúis agam leis. Na bíoḋ pleanáil mar seo ró so ḟeicsionaċ. Cuiṁniġ an rud a ṫarla i gCiarraí Tuaiḋ. Coṁ maiṫ le sin caiṫfiḋ Caṫal a ainm a ċoiméad os coṁair an pobail. Sásaiġ sé na feirmeoirí go maiṫ. Ḃá ḃféadaḋ sé anois faḋḃ an Iarṫair a réitiú, ḋ'iontaċ ar fad coṁ leiṫeadaċ agus ḃeaḋ a ainm nuair ḃeaḋ tú féin ag smaoineaṁ ar scit a ġlacaḋ.

Ní dóiġ liom aċ oiread gur maiṫ an rud Ó Máille a ċur ann —óg agus tuilleaḋ taiṫí ag teastáil. Tá daoine eile imeasc na nAirí laiṫreaċ a ḃeaḋ ábalta ċuige aċ tá fear aṁáin go speisialta a ḋéanfaḋ go maiṫ é agus ar ṁaiṫ ann é ar cúis eile freisin. Ḃéidir go ḃfuil a ainm beagán an iomaid i mbéalaiḃ daoine agus aireaċt aige a fóireann do. Mar sin cuir Ó Loinsiġ i gcúram airgeadais. Ḋéanfaiḋ sé obair ṁaiṫ agus ní ṫuillfiḋ sé iomad cliú, nó cáil — ḃal ní ṫuillfiḋ níos mó nó Caṫal ar aon ċuma.

Cé ġeoḃaiḋ Tionscail agus Tráċtáil. Ḃal anois tá súil ag Erscine air le fada. Aċ ní ḃfuiġiḋ sé é—nó talṁaíoċt aċ oiread beiḋ sé deacair é a líonaḋ agus ḃéidir go ndéanfaí an dara smaoineaṁ agus Ó Loinsiġ a ḟágáil ann go mbíonn tuilleaḋ taiṫí ag na fir óga nua.

Caiṫfiḋ tú Ó hIrġile a aṫrú. Níl aoinne sásta leis. Cuireann sé an millean ar Fine Gael naċ ḃfuil aon Ġaeltaċt fágṫa i gCo. an Ċláir agus ċuir sé féin iomlán pobal na Gaeltaċta ina coinniḃ. Ḃí na méan ṁúinteoirí ar leaṫ stailc anuraiḋ. Ḋiultaiġ Garm ṁúinteoirí agus múinteoirí náisiúnta dá tairiscintí i mbliana. Tá sé as béal gaċ aoinne gur maorḟlaṫas den ċuid is measa Roinn Oideaċais le cúig bliana anuas. Ḃ'fearr ḋuit é ċur i mbun Roinn Sláinte nó ḃ'ḟéidir Sláinte agus Leasa Ṡoisialaiġ a ċur le ċéile. Reaċtáilfiḋ an maorḟlaṫas an dá roinn mar is gná leo.

Céard faoi oideaċas. Ḃí mé ag cuiṁniú ar Ó Colla do aċ le cúpla mí anuas ḃí Ó Máille ag brú ar sin agus ceistním ar raiḃ lideaḋ ar biṫ aige. Mar sin féin do ḃ'fearr liam Ó Colla nó Caoiṁín Ó Ḃeoláin. Sin fear anois a ḋ'ḟéadfaḋ agaiḋ poiblí nua a ṫaḃairt don Roinn Oideaċais.

Deirtear go ḃfuil tú ag cur Ó Ḃraonáin os cionn Roinn Cosanta agus fear maiṫ é cinte. Aċ ḃ'fearr liom féin Booth. Ní maiṫ liom leaṫ acar na hÉireann de farraige tortúla a ḃeiṫ á síor ċreaċaḋ.

An ḃfuil tú ag smaoineaṁ ċor ar biṫ ar Ó Lionaċáin do Tionscail agus Tráċtáil. Measaim go gcaiṫfiḋ do roġa a ḃeiṫ idir é féin agus Ó Bléine. Agus ḃ'ḟiú an dara smaoineaṁ ar Ó Bléine. Tá fuinniṁ ann atá de ḃiṫ. tá agaiḋ poiblí an ṁaiṫ aige — fiú má tá beagáinín breise den ṗoilitíoċt ro-eagraiṫe ag baint leis. Aċ idir an ḃeirt sin é muna n-ardaíonn tú duine de dream óg cumasaċ láitreaċ.

Má ċuireann tú Ó Bléine ann ní tiocfaḋ leat déanaṁ níos fearr ná Ó Máille a ċur i mbun Fialtas Áitiúla. Fágfaḋ tú Hilliard i mbun Poist agus Telegrafa (le lideaḋ fa claí Gaelaċ a ċur os cionn an Francinstein a ċum sé) muna n-aṫraíonn go Roinn Cosanta é! Fanfaiḋ Ó Móráin ag Tailte aċ b'ḟéidir go ḃfuil tú ag smaoineaṁ ar aire fe leiṫ a ċur ós cionn na Gaeltaċta—agus rannóg iascaiġ agus /nó foraoiseaċt a ċur faoi an Roinn sin. Ḃí an t-am ann agus ṡásóḋ sin na Gaeilgeoirí tamall eile. Tá mé ag insint duit naċ sásóiḋ a ṫuille — fiú dá gcuirtea fear ón Ġaeltaċt ṫiar ina ḃun. Tá Roinn na Gaeltaċta marḃ agus is ro-ṁitid a adlacaḋ

Cé hiad atá le hardú. Tá mianaċ níos fearr agat ná ḃí ag Taoiseaċ le fada — Ó Flanagáin, Ó Faċtna, Ó Gallċoḃair, Mac Aintriú Óg, Mac Carrṫaiġ nó Millar, Booth, Ó Cuinneagáin. Cad faoi Ḃn. Uí Loinsiġ mar Rúnaí Pairliminte don Aire Leasa Soisialaiġ agus Sláinte má cuireann tú le ċéile iad nó Seán Mac Eoċagáin mar Rúnaí Pairliminte don Ġaeltaċt. Agus ḃeaḋ muinín ag luċt tuaiṫe as Ó Leaṫloḃair agus Ó Giobún ḃa deacair roġa do ḋéanaṁ eattora nuair naċ cúrsaí iṁṁe aṁáin a ḃeaḋ i gceist aċ cúrsaí poilitíoċta coṁ maiṫ.

Aċ ní ṁolfainn duit na folúntaisí go léir a líonaḋ láiṫreaċ. Tá slí eile ann coṁ maiṫ agus ceadaíonn an ḃunreaċt duit ḃeirt Airí a ċeapaḋ ón tSeanaid Molaim duit ceapaċán aṁáin a ċoinneáil. Níor ṁaiṫ liom ainm an duine a lua fós ar eagla go gcuirfeaḋ sé isteaċ ar cúrsaí toġaċanaíoċta. Is minic naċ maiṫ an rud tacaíoċt so-feicsionaċ ón taoḃ ṫuas i gcúrsaí toġaċáin — mar is eol do Ḃn. Uí Eictiġeirn agus do Ṡeán Ó Brosnáin fé ḋó.

An féidir go mbeaḋ lán mórṁaċ de 73 agat indiaiḋ an iomlain?

FEARFEASA.

COṀĠAIRDEAĊAS

Coṁġairdeaċas le Seán Ó Ceannáin, Máistir Poist, Leitir Ceanainn, atá ceapaiṫe mar Máistir Poist i Sligeaċ, áit a leanann sé Seán Ó Duiḃir, as Leitir Ceanainn, a ḃí ina Ṁáistir Poist nó gur éiriġ sé as an tseirḃís ar na mallaiḃ.

LITIR SASANA

Ag Breaṫnú Siar

DONALL MAC AMHLAIBH

DIARDAOIN, 25-2-1960.

Níor stop sé aċ ag báisteaċ i gcaiṫeaṁ an lae seo agus níor ḟága muid an boṫ go tráṫnóna. Ṗréaċfaḋ sé an ḟiaċ istiġ ann agus d'airiġ muid an lá có fada le seaċtain; aċ ár ndó d'ḟulaing muid an fuaċt agus an feiteaṁ gan an iomarca ċlaṁsáin ó ḃí muid ag fáil íoctá air. Aċ dá ngaḃfá aḃaile ní íocfaí tú aċ ar an ḟaid a ḃéaḋ ċaitte sa mboṫ á'd. Ḃí cuid acu ag imirt cártaí sa dteaċ beag bán ina mbíonn an flagman, agus creidim go raḃ níos mó ná pái an lae seo de ḃíṫ ar corr ḟear sul má ḃí sé in am ḋóiḃ a ḋul aḃaile. Is ionduál go dtéiġeann an dream a ḃfuil tóir ar imirt na gcártaí acu sa dteaċ beag sin agus fanann muide go mb'ḟearr linn an 'craic', ṫuas ins an Elefant. Rinne mé lán mo ḃótain gáire inniu ag éisteaċt leis an saorḃrící sin as Derbaí ag cur síos ar an dtréiṁse a ċaiṫ sé i mBaile Áṫa Cliaṫ téis an cogaiḋ. Is aṁlaiḋ a ḃeartaiġ sé féin agus a ċomrádaí cuairt a ṫúirt ar an dtír beag sin againn féin; aċ ní raḃadar in acfuinn saoire ceart a ṫóiġeáil. Ḃeartaiġ siad mar sin a ḋul agus obair ḟáil in Éirinn, dá mbéidir é, agus tamall a ċaiṫeaṁ ann. Anonn leo ar ċuma ar biṫ, gur landáil siad ṫuas i Stáisiún Sraiṫe an Iarṫair an ṁaidin seo le'n a gcuid málaí taistil agus a gcuid uirlisí oibre — liáin, dorú plumba, leaċtleiḃéil is a leiṫéide — agus nuair a ṫángadar amaċ ar an tsráid faoin ualaċ seo ḃí luċt tacsis agus cabannaí ag coiṁlint le ċéile ag iarraiḋ an ḃeirt á ṁeallaḋ ċuca féin. Ḃa é an ċéad uair ḋóiḃ na cabannaí ċapaill sin a ḟeiceáil ⁊ mar sin ḋúradar go mbeaḋ marcaíoċt i gceann díoḃ sin acu.

"Cá'il ḃur dtriall?" arsa tiománaí an 'cab' leo — seanḟear beag éadan ruicneaċ a raḃ sean-ċóta glas agus hata cruaiḋ air a ḃí sa ḃfear seo de réir an ċúnntais.

"Ċuiġ an Maltartán Oibre," arsa an ḃeirt.

"Ċuiġ an Malartán Oibre?" adeir an tsean cabbie agus iontas ag teaċt air. "Ċuiġ an Malartán Oibre?" Ar ṁiste liom a ḟiafraí céard tá de ḃúr dtúirt annsin?"

"Ar tóir oibre, d'eile?" arsa an ḃeirt.

"Ar tóir oibre? Mother a' God, ye came to the right place! Gee up ow'er that!" arsa an tiománaí agus lasg siad ċun bóṫair.

Nuair a ṡroiċ siad an Malartán Oibre céard a ḃéaḋ rompu aċ líne mór ḟada de luċt an Dole. Ṁaoluiġ ar ṁisneaċ na ḃeirte, roinnt, aċ ġlacadar a n-áit sa líne agus ḃa ġearr go raḃadar ag coṁrá le fir oibre Ḃaile Áṫa Cliaṫ. Ḃa é fearaċt an tsean cabbie arís é — níor ḟéad siad a ċreidsint go ḃfágfaḋ éinne jobannaí maiṫe ṫall i Sasana le ṫeaċt ag iarraiḋ oibre san áit a raḃ na míltе díoṁaoin ann. Aċ ḃí an t-áḋ ar an mbeirt agus nuair a ṫáiniġ siad i láṫair an ċléiriġ istiġ san ḃfoirgneaṁ ar ḋeire ṫiar ṫall fuair siad amaċ go raḃ neart oibre ann do ṡaoir-ḃrící. Ḋúraḋ leo a ḋul in a leiṫéide seo de áit agus go gcuirfí ag obair gan ṁoill iad; agus téis ḋóiḃ teaċ lóistín a aimsiú ċuaiḋ an ḃeirt acu amaċ ċuiġ an ionad oibre seo ar imeall na caṫraċ mar a raḃ na céadta tiṫe nua dá gcur suas. Ṁiniġ siad a scéal don ḟear ċeannais agus d'ḟáiltiġ sé sin rómpa.

"Ár ndó tá siḃ sa gcéardcumann?" ar seisean.

"Ó tá go deiṁin," adeir an ḃeirt agus 'spáin siad a gcártaí dó. Aċ ḃí an díoma inḋán dóiḃ.

"Ó, tá faitíos orm naċ ndéanfaiḋ siad seo cúis," arsa an fear ċeannais, "caiṫfiḋ siḃ ḃeiṫ in ḃur mbaill den ċéard ċumann Éireannaċ seo a ḃfuil muidne ann. Níl maiṫ ar biṫ 'sna cártaí Sasanaċa sin tá agaiḃ-se."

Ṫuit an druill ar an dreall ortu annsin ar feadh noiméad.

Céard a ḋéanfas muid mar sin?" arsa an ḃeirt acu.

"Féadfaiḋ siḃ a ḃeiṫ in ḃur mbaill aċ cead isteaċ a iarraiḋ ar an rúnaí i gceann ceaṫrúnaí an ċéird-ċumainn," adeir mo ḋuine agus d'innis sé ḋóiḃ cé'n áit ar ċeart ḋóiḃ a ḋul.

Ḃí go maiṫ, agus d'imiġ siad ag déanaṁ ar an áit sin; aċ cuireaḋ tuille moille ortu. Ḃí an áit dúnta rómpa agus ḋúraḋ leo naċ mbéarfaidís istiġ ar an ḃfear a ḃí uaṫa go dtí Dia Ceadaoine dár gcion. Ḃa ṡeo é an Saṫarn, agus cé go mba leasc leo é, ḃ'éiġean ḋóiḃ trí lá oibre eile a ċailleaḋ ag feiteaṁ leis an Rúnaí. Ċaiṫeadar an saoráma sin ag gaḃáil ṫart ar Ḃleá' Cliaṫ, ag blas den leann duḃ ⁊ ag túirt sunndas do na radarcannaí uiliġ. Annsin maidin Dia Ceadaoin ḃíodar ag fanaċt leis an rúnaí ar lic ḋorais Áruis an ċéirdċumainn agus ṡeolaḋ isteaċ ina oifiġ iad téis tamaill. Ṁiniġ siad ḋó céard a ḃí uaṫa aċ is aṁlaiḋ a ḃí an-iontas air faoi iad a ḃeiṫ ag teaċt ar tóir oibre anall as Ṡasana áit a raḃ fuíollaċ dí. Ċuir sé cúpla ceist ortú ag iarraiḋ teaċt níos fearr ar an ndearcaḋ aisteaċ seo a ḃí cionntaċ leis an mbeirt a ḃeiṫ ar ṡiúl mar sin ó'n a dtír féin. Ḃris ar ḟoiġid na ḃeirte annsin.

"Féaċ," arsa duine acu, "níl uainn aċ a ḋul ag obair annseo go ceann scaṫaiṁ, má's féidir é. Tá fonn ortainn an tír seo feiceáil aċ níl muid in acfuinn saoire fada a ḃeiṫ againn; mar sin ṡocraiġ muid ar tamall a ċaiṫeaṁ annseo 'nós mar tá na míltе de ṁuinntir na tíre seo ag déanaṁ i Sasana. Anois má's féidir leat cártaí a ṫúirt dúinn ḃeiḋ muid ḃuíoċ duit agus muran féidir fillfiḋ muid ar an mbaile."

Annsin d'ḟiafraiġ Rúnaí an Ċéirdċumainn ḋíoḃ an raḃ a dteastaisí acu le crutú go mba ceardaiṫe críoċnuí a ḃí ionnta. Ní raḃ ár ndó, mar ní ḃíonn áird ar ṫada mar sin i Sasana — má ṫiġ leat an 'job' a ḋéanaṁ fostóċfar tú agus mura dtiġ ní ḟostóċfar. Ḋúraḋ leis an mbeirt go gcaiṫfeaḋ siad scríoḃ ċuiġ an 'Contractor' ar ċaiṫ siad a téarma príntíseaċta aige le deiṁniúċán fáil uaiḋ ina taoḃ sin.

"Aċ céard a ḋéanfas muid idir an dá linn?" ar siad sin.

"Ó ġeoḃfaiḋ siḃ cártaí sealadaċ a ċoinneóċfas ag imṫeaċt siḃ ċúns ḃéas siḃ ag fanaċt le scéal ó'n contractor ṫall,". adeir an rúnaí agus fágaḋ an scéal mar sin.

Seaċt seaċtaine a ċaiṫ siad ag obair i mBleá Cliaṫ agus ní raḃ aon tseaċtain a ċuaiḋ ṫart nár scríoḃ siad ag iarraiḋ crutúnas a gcáilíocta, aċ ḃí sé fánaċ acu. Dá mbéidís ag scríoḃ ó ṡoin ḃa ṡin a ḃéaḋ de ṁaiṫ ḋóiḃ ann; ní ḟéadfaḋ luċt oifige ar an dtaoḃ ṫall a gcuid ama a cur amú ag freagairt leitreaċaí den tsórt sin. Aċ ḃí an-'time' ag an mbeirt i mBaile Áṫa Cliaṫ agus d'ḟan siad ann nó go raḃ an obair ag éirí gann agus go mb'ḟactas ḋóiḃ nár ċeart ḋóiḃ ḃeiṫ ag coinneáil fir de ċuid na h-áite as obair.

D'ḟiafraiġ mise do, mo ḋuine a mbídís ag obair go cruaí in Éirinn.

"Ní ḃíoḋ muide ag obair ró-ċruaí." ar seisean, "aċ na sclábuiṫe boċta, bíoḋ ortu sin ḃeiṫ ag obair ar nós an diaḃail gan de ṡos acu, cé's móite de ṡosa ḃíḋ, aċ an dá nóiméad ċiúineas sin a ḃíonns acu i lár an lae i gcónaí." 'Fáilte an Aingil' a ḃí i gceist aige ár ndó!

DÓNALL MAC AṀLAIĠ.

Ceart Saoránaiġ ar Ġnó trí Ġaeilge

CÁS LE PLÉ I GCÚIRT COṀAIRLE NA hEURÓIPE

Tá aċaine déanta ag Proinnsias Ó Mianáin, i gcoinniḃ an Stát seo, agus breiṫ na -Cúirte Cuarda i mBaile Áṫa Cliaṫ, le nár coiġistíoḋ a ġléas éisteaċta radio, as naċ raiḃ sé sásta cáin radio a íoc le Béarla a ċur ċun cinn ar Radio Éireann. Roiṁe sin, ċaiṫ sé seaċtain i Moinseoí, i mbreiṫ a tugaḋ air insan Ċúirt Dúiċe i mBaile Áṫa Cliaṫ.

Fuair sé scéala an tseaċtain seo caiṫe, gur cláraíoḋ a ċasaóid i leiṫ an Stáit, i gComairle na hEorpa, agus is dóċa go mbeiḋ an cás dá h-éisteaċt i gCúirt na gCearta Daonna, amaċ anseo.

Dúirt sé gurb é a ġná-teanga agus an teanga is roġa leis, an Ġaeilge, agus d'iarr sé ar an Stát, deiġleáil leis i nGaeilge. I gcúirt oscailte, diúltaiġ an Stát é seo a ḋéanaṁ, agus dúirt Aḋċóid an Aire Poist agus Telegrafa, an tUasal Coleman, naċ raiḃ dualgas ar biṫ air a leiṫéid a ḋéanaṁ.

Ḃí tuairisceoir ón ṗáipéar seo ag plé cás Uí Ṁianáin le déanaí, le seaċtar daoine a ḃí go niṁneaċ i gcoinniḃ Aṫḃeoċaint na Gaeilge, aċ, d'aontaiġ gaċ duine acu gur ċóir do Ó Mianáin a ċás a ḟáil pléiḋte i nGaeilge, nuair a ṫeastaiġ sé sin uaiḋ.

Ḃeiḋ sé le feiscint anois cad a ḋéarfas cúirt na hEorpa faoin scéal.

Cé leis an Ċreidiúint

I ráiteas ó Ṗáirtí an Luċt Oibre i nGaillim, deir siad gur ġníoṁaiġ Breandán Mac Feorais, T.D., Ceannaire na Ṗáirtí Oibreaċais, agus Proinnsias Mac Aonġusa, ċun na daoine ó Inis Barra, a ḃí i bpríosún, as diúltú rátaí a íoc, ar seirḃísí naċ raiḃ siad a ḟáil, a ḟáil leiġṫe amaċ as an ṗríosún. Deir siad gur ċuir craoḃ de Ṗáirtí an Luċt Oibre, i nGaillim, scéala ċuiġ Ceann-áras, agus ansin gur ġníoṁaiġ an tUasal Mac Aonġusa agus an Ceannaire. I litir ó Ṁáirtín Ó Caḃain an tseaċtain roiṁe sin, i bpáipéirí Béarla na Gaillimhe, dúirt sé naċ raiḃ baint ag páirtí an Luċt Oibre leis, nó leis an cruinniú agóide a ḃí acu i mBaile Áṫa Cliaṫ agus a ċur toscaireaċt amaċ go dtí tiġ cónaí príoṁáideaċ an Taoisiġ, Deir an ráiteas ón Luċt Oibre, nár ġlacadar páirt insan ċruinniú agóide nó an ṁórṡiúl seo, amaċ go dtí tiġ cónaí an Taoisiġ, aċ go ndearna siad gníoṁú insan slí ceart, leis an scéal a réitiú.

Muintir na Gaeltachta a d'fhoillsigh. "Democrat", Tír Chonaill, Clóbhualadh.